6, 7	Athróga: F71, F79 do na (fo)-earnálacha S1, S11, S12, S121 + 122, S121, S122, S123, S124, S125, S14 + 15, S14, S15, S2 F34 do na (fo)-earnálacha S1, S11, S12, S121 + 122, S121, S122, S123, S124, S125, S14 + 15, S14, S15, S2	Gan tarchur a dhéanamh do na blianta 1995-2000 An chéad tarchur don bhliain 2008 do F34 in 2009 Gan tarchur a dhéanamh ar F 34 sna blianta 1995-2007	1995-2000 2008 1995-2007	

19. AN OSTAIR

19.1. Maoluithe i gcomhair na dtáblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
1, 3, 5, 22	Sonraí bliantúla: méideanna slabhraithe	An bhliain 2014: an chéad tarchur in 2015 Blianta 1980-2013: gan tarchur a dhéanamh	2014 1980-2013	2015 Gan tarchur a dhéanamh

19.2. Maolúthe i gcomhair athróg aonair/ítimí aonair sna táblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
1	Fostaíocht: uaireanta an chloig oibrithe — go ráithiúil	Blianta 1990-1994: gan tarchur a dhéanamh	1990-1994	Gan tarchur a dhéanamh
1	Fostaíocht: uaireanta an chloig oibrithe — go bliantúil	Blianta 1980-1994: gan tarchur a dhéanamh	1980-1994	Gan tarchur a dhéanamh
3	Fostaíocht: uaireanta an chloig oibrithe	Blianta 1980-1994: gan tarchur a dhéanamh	1980-1994	Gan tarchur a dhéanamh
13	Earnáil na dteaghlach	S.14 + S.15 le cur ar fáil		
6, 7	Athróga: F.511 Scaireanna luaite F.512 Scaireanna neamhluaite F.513 Gnáthscaireanna eile	Blianta 1995-2007: an chéad tarchur in 2008	1995-2007	2008
10	Fostaíocht: uaireanta an chloig oibrithe	Blianta 2000-2007: an chéad tarchur in 2009 Blianta 1995-1999: gan tarchur a dhéanamh	2000-2007 1995-1999	2009 Gan tarchur a dhéanamh
20	Athróga AN111321 agus AN111322	Blianta 2000-2013: an chéad tarchur in 2012	2000-2013	2015
22	Athróga AN111321 agus AN111322	Blianta 2000-2013: an chéad tarchur in 2015 Blianta 1995-1999: gan tarchur a dhéanamh	2000-2013 1995-1999	2015 Gan tarchur a dhéanamh
26	Athróg AN1111 Teaghaisí	Blianta 2000-2010: an chéad tarchur in 2012 Blianta 1995-1999: gan tarchur a dhéanamh	2000-2010 1995-1999	2012 Gan tarchur a dhéanamh

20. AN PHOLAINN

20.1. Maolúthe i gcomhair na dtáblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
Gach tábla lena mbaineann	Gach athróg/gach ítim	Sonraí siardhátaithe roimh 1995: gan tarchur a dhéanamh	Roimh 1995	Gan tarchur a dhéanamh
8	Gach athróg/gach ítim	Blianta 2006-2007: an chéad tarchur in T + 12 mí An chéad tarchur i T + 9 mí in 2009	2006-2007 2008	2008 2009
15, 16	Gach athróg: praghsanna na bliana roimhe sin	Blianta 2000-2006: an chéad tarchur in 2009	2000-2006	2009

20.2. Maoluithe i gcomhair athróg aonair/ítimí aonair sna táblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
1	Ioncam, coigilt agus glaniasachtú (ítimí 13 go 26): praghsanna reatha agus téarmaí réadacha	Blianta 1995-1998: an chéad tarchur in 2010	1995-1998	2010
1	Pánna agus tuarastail (D.11) — go ráithiúil	An bhliain 2007: an chéad tarchur in 2008 Blianta 2001-2006: an chéad tarchur in 2009 Blianta 1995-2001: gan tarchur a dhéanamh	2007 2001-2006 1995-2001	2008 2009 Gan tarchur a dhéanamh
1	Éadail líude diúscairtí na sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais (K.2)	An bhliain 2010: an chéad tarchur in 2011 Blianta 1995-2009: gan tarchur a dhéanamh	2010 1995-2009	2011 Gan tarchur a dhéanamh
1	Fostaíocht, daoine féinfhostaithe agus fostaithe: miondealú de réir tionscail, A6	An bhliain 2007: an chéad tarchur in 2008 Blianta 2001-2006: an chéad tarchur in 2009 Blianta 1995-2000: gan tarchur a dhéanamh	2007 2001-2006 1995-2000	2008 2009 Gan tarchur a dhéanamh
2	Éadail líude diúscairtí na sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais (K.2)	An bhliain 2010: an chéad tarchur in 2011 Blianta 1995-2009: gan tarchur a dhéanamh	2010 1995-2009	2011 Gan tarchur a dhéanamh
3	Athruithe i bhfardail (P.52)	Blianta 1995-1998: an chéad tarchur in 2010	1995-1998	2010
3	Fostaíocht de réir tionscail	Sonraí don bhliain 2007: an chéad tarchur in 2008 Sonraí do na blianta 2001-2006: an chéad tarchur in 2009 Sonraí siardhátaithe roimh 2001: gan tarchur a dhéanamh	2007 2001-2006 1995-2000	2008 2009 Gan tarchur a dhéanamh
3	Luach saothair fostaithe: miondealú de réir tionscail	Sonraí don bhliain 2007: an chéad tarchur in 2008 Sonraí do na blianta 2001-2006: an chéad tarchur in 2009 Sonraí siardhátaithe roimh 2001: gan tarchur a dhéanamh	2007 2001-2006 1995-2000	2008 2009 Gan tarchur a dhéanamh
8	Éadail líude diúscairtí na sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais (K.2)	An bhliain 2010: an chéad tarchur in 2011 Blianta 1995-2009: gan tarchur a dhéanamh	2010 1995-2009	2011 Gan tarchur a dhéanamh
10	Fostaíocht — uaireanta a chloig oibrithe	An bhliain 2008: an chéad tarchur in 2009 Blianta 1995-2007: gan tarchur a dhéanamh	2008 1995-2007	2009 Gan tarchur a dhéanamh
11	Gach athróg: grúpaí COFOG	Blianta 1995-2001: gan tarchur a dhéanamh	1995-2001	Gan tarchur a dhéanamh

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
11	Éadail lúide diúscairtí na sócmhainní neamhtháirgthe neamhairgeadais (K.2)	An bhliain 2010: an chéad tarchur in 2011 Blianta 1995-2009: gan tarchur a dhéanamh	2010 1995-2009	2011 Gan tarchur a dhéanamh
11	Gach athróg: miondealú de réir fo-earnála	Blianta 1995-2001: an chéad tarchur in 2010	1995-2001	2010
22	Miondealú AN_F6 [†] :	Blianta 1995-1999: an chéad tarchur in 2008	1995-1999	2008

21. AN PHORTAINGÉIL

21.1. Maoluithe i gcomhair na dtáblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
3	Gach athróg: — miondealú A60 — miondealú A31	Tarchur ag T + 36 mí Blianta 1980-1999: gan tarchur a dhéanamh Blianta 1990-2007: an chéad tarchur in 2008 Blianta 1980-1989: gan tarchur a dhéanamh	1980-1999 1990-2007 1980-1989	Gan tarchur a dhéanamh 2008 Gan tarchur a dhéanamh
5	Gach athróg	Tarchur ag T + 12 mí Blianta 1980-1989: gan tarchur a dhéanamh	1980-1989	Gan tarchur a dhéanamh

21.2. Maoluithe i gcomhair athróg aonair/ítimí aonair sna táblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
1	Ollbharrachas oibriúcháin agus ioncam measctha (B.2g + B.3g), cánacha ar tháirgeacht agus ar allmhairí (D.2) fóirdheontais ar tháirgeacht agus ar allmhairí (D.3), luach saothair fostaithe (D.1), pána agus tuarastail (D.11) — go ráithiúil	Blianta 1995-2007: an chéad tarchur in 2008 Blianta 1990-1994: an chéad tarchur in 2010	1995-2007 1990-1994	2008 2010
1	Oll-bhreisluch (B.1g): déantúsaíocht — go ráithiúil	Blianta 1995-2009: an chéad tarchur in 2010 Blianta 1990-1994: gan tarchur a dhéanamh	1995-2009 1990-1994	2010 Gan tarchur a dhéanamh
1	Ollfhoirmiú caipitil sheasta (P.51): miondealú AN_F6 — go ráithiúil	Blianta 1995-2009: an chéad tarchur in 2010	1995-2009	2010

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
1	Daonra agus fostaíocht na gcónaitheoirí — go ráithiúil	Blianta 1990-1994: an chéad tarchur in 2010	1990-1994	2010
1	Fostaíocht: miondealú de réir tionscail — daoine — go ráithiúil	Blianta 1995-2007: an chéad tarchur in 2008 Blianta 1990-1994: an chéad tarchur in 2010	1995-2007 1990-1994	2008 2010
1	Fostaíocht: miondealú de réir tionscail — uaireanta an chloig oibrithe — go ráithiúil	Blianta 2000-2009: an chéad tarchur in 2010 Blianta 1990-1999: gan tarchur a dhéanamh	2000-2009 1990-1999	2010 Gan tarchur a dhéanamh
1	Fostaíocht: uaireanta an chloig oibrithe — go bliantúil	Blianta 2000-2007: an chéad tarchur in 2008 Blianta 1980-1999: gan tarchur a dhéanamh	2000-2007 1980-1999	2008 Gan tarchur a dhéanamh
1	Caiteachas ar thomhaltas teaghlach: miondealú de réir buanfaís — go ráithiúil	Blianta 1995-2009: an chéad tarchur in 2010 Blianta 1990-1994: gan tarchur a dhéanamh	1995-2009 1990-1994	2010 Gan tarchur a dhéanamh
1	Onnmhairí (P.6) agus allmhairí (P.7): miondealú geografach: praghsanna na bliana roimhe sin agus méideanna slabhráithe	An bhliain 2007: an chéad tarchur in 2008	2007	2008
3	Foirmiú Captil: miondealú AN_F6	Tarchur ag T + 36 mí Blianta 1980-1999: gan tarchur a dhéanamh	1980-1999	Gan tarchur a dhéanamh
3	Fostaíocht: uaireanta an chloig oibrithe	Blianta 2000-2007: an chéad tarchur in 2008 Blianta 1980-1989: gan tarchur a dhéanamh	2000-2007 1980-1989	2008 Gan tarchur a dhéanamh
6, 7	Athróga: F.511 Scaireanna luaithe F.512 Scaireanna neamhluaithe F.513 Gnáthscaireanna eile	Blianta 1995-2007: an chéad tarchur in 2008	1995-2007	2008
8	Miondealú geografach earnáil S.2	Tarchur ag T + 12 Blianta 1999-2009: an chéad tarchur in 2010	1999-2009 1999-2009	2010
10	Fostaíocht: miondealú A6 — uaireanta oibrithe	Blianta 2000-2006: an chéad tarchur in 2008	2000-2006	2008
20	Foirgníocht agus foroinnt idir teaghaisí agus foirgnimh eile	Blianta 2000-2007: an chéad tarchur in 2009	2000-2007	2009
22	Foirgníocht agus foroinnt idir teaghaisí agus foirgnimh eile	Blianta 1995-2007: an chéad tarchur in 2009	1995-2007	2009

22. AN RÓMÁIN

22.1. Maoluithe i gcomhair na dtáblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
Gach tábla lena mbaineann	Gach athróg/ítim — go ráithiúil	Sonraí siardhátaithe roimh 1995: gan tarchur a dhéanamh	Roimh 1995	Gan tarchur a dhéanamh
Gach tábla lena mbaineann	Gach athróg/ítim — go bliantúil	Sonraí siardhátaithe roimh 1990: gan tarchur a dhéanamh	Roimh 1990	Gan tarchur a dhéanamh
1	Gach athróg/ítim — go ráithiúil	Blianta 1995-1997: an chéad tarchur in 2008	1995-1997	2008
1	Gach athróg/ítim — go bliantúil	Blianta 1995-1997: an chéad tarchur in 2008	1995-1997	2008
2	Gach athróg: fo-earnálacha S1311, S1313 agus S1314	Blianta 1995-2000: an chéad tarchur in 2008	1995-2000	2008
6, 7	Gach athróg	Blianta 1995-1997: gan tarchur a dhéanamh	1995-1997	Gan tarchur a dhéanamh
6, 7	Gach athróg, fo-earnálacha S.13	Blianta 1998-2005: gan tarchur a dhéanamh	1998-2005	Gan tarchur a dhéanamh
10	Gach athróg	Blianta 1995-1997: an chéad tarchur in 2008	1995-1997	2008
12	Gach athróg	Blianta 1995-1997: an chéad tarchur in 2008	1995-1997	2008
13	Gach athróg	Blianta 1995-1997: an chéad tarchur in 2008	1995-1997	2008
15	Gach athróg: praghsanna na bliana roimhe sin	Blianta 2000-2003: an chéad tarchur in 2008	2000-2003	2008
16	Gach athróg: praghsanna na bliana roimhe sin	Blianta 2000-2003: an chéad tarchur in 2008	2000-2003	2008
20	Gach athróg	Blianta 2000-2004: gan tarchur a dhéanamh	2000-2004	Gan tarchur a dhéanamh
22	Gach athróg	Blianta 1995-2008: an chéad tarchur in 2010	1995-2008	2010

22.2. Maoluithe i gcomhair athróg aonair/ítimí aonair sna táblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
1	Ioncam, coigilt agus glaniasachtú (ítimí 13 go 26) — go ráithiúil	Blianta 1995-2008: an chéad tarchur in 2010	1995-2008	2010
1	Daonra, fostaíocht, luach saothair fostaíthe — go ráithiúil	Blianta 2000-2007: an chéad tarchur in 2008 Blianta 1995-1999: gan tarchur a dhéanamh	2000-2007 1995-1999	2008 Gan tarchur a dhéanamh
1	Daonra, fostaíocht, luach saothair fostaíthe — go bliantúil	Blianta 2000-2007: an chéad tarchur in 2008 Blianta 1995-1999: an chéad tarchur in 2010	2000-2007 1995-1999	2008 2010

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
3	Fostaíocht	Blianta 2000-2001: an chéad tarchur in 2008 Sonraí siardhátaithe roimh 2000: gan tarchur a dhéanamh	2000-2001 Roimh 2000	2008 Gan tarchur a dhéanamh
10	Fostaíocht de réir an míle duine an chloig oibrithe	Blianta 2000-2001: an chéad tarchur in 2008 Sonraí siardhátaithe roimh 2000: gan tarchur a dhéanamh	2000-2001 Roimh 2000	2008 Gan tarchur a dhéanamh
12	Fostaíocht de réir an míle duine	Blianta 2000-2001: an chéad tarchur in 2008 Sonraí siardhátaithe roimh 2000: gan tarchur a dhéanamh	2000-2001 Roimh 2000	2008 Gan tarchur a dhéanamh

23. AN tSLÓIVÉIN

23.1. Maoluithe i gcomhair na dtáblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
Gach tábla lena mbaineann	Gach athróg/gach ítim	Sonraí siardhátaithe roimh 1995: gan tarchur a dhéanamh	Roimh 1995	Gan tarchur a dhéanamh
6, 7	Gach athróg	Blianta 1995-2001: gan tarchur a dhéanamh	1995-2001	Gan tarchur a dhéanamh
11	Gach athróg	Blianta 1995-1998: gan tarchur a dhéanamh	1995-1998	Gan tarchur a dhéanamh
15, 16	Gach athróg: praghsanna na bliana roimhe	Blianta 2000-2003: gan tarchur a dhéanamh	2000-2003	Gan tarchur a dhéanamh
20	Gach athróg	Blianta 2000-2008: an chéad tarchur in 2010	2000-2008	2010
22	Gach athróg	Blianta 1995-1999: an chéad tarchur in 2008	1995-1999	2008

23.2. Maoluithe i gcomhair athróg aonair/ítimí aonair sna táblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
1	Oll-bhreislúach (B.1g), praghsanna reatha — go ráithiúil	Blianta 1995-1999: gan tarchur a dhéanamh	1995-1999	Gan tarchur a dhéanamh
1	Fostaíocht, fostaithe agus daoine féinfhostaithe: uaireanta an chloig oibrithe	Blianta 2005-2007: an chéad tarchur in 2008 Blianta 2000-2004: an chéad tarchur in 2010 Blianta 1995-1999: gan tarchur a dhéanamh	2005-2007 2000-2004 1995-1999	2008 2010 Gan tarchur a dhéanamh

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
2	Gach athróg: fo-earnálacha S.1311, S.1313 agus S.1314	Blianta 1995-1998: an chéad tarchur in 2008	1995-1998	2008
3	Ollfhoirmiú caipitil, gach athróg: miondealú A6/A31/A60	Tarchur ag T + 14 mí Blianta 1995-1999: an chéad tarchur in 2008	1995-1999	2008
3	Fostaíocht: uaireanta an chloig oibrithe	Blianta 2005-2007: an chéad tarchur in 2008 Blianta 2000-2004: an chéad tarchur in 2010 Blianta 1995-1999: gan tarchur a dhéanamh	2005-2007 2000-2004 1995-1999	2008 2010 Gan tarchur a dhéanamh
8	Gach athróg	Tarchur ag T + 12 mhí go dtí 2010 Blianta 1995-1999: an chéad tarchur in 2010	2006-2009 1995-1999	2010
26	Teaghaisí	An chéad tarchur in 2010	1995 ar aghaidh	2010

24. AN tSLÓVAIC

24.1. Maoluithe i gcomhair na dtáblaí

Uimh. Tábla	Athróg/mír	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
Gach tábla lena mbaineann	Gach athróg/gach ítim	Sonraí siardhátaithe roimh 1995: gan tarchur a dhéanamh	Roimh 1995	Gan tarchur a dhéanamh
1, 3, 5, 15, 16, 22	Gach athróg: praghsanna na bliana roimhe sin agus méideanna slabhráithe	Blianta 1995-1999: an chéad tarchur in 2008	1995-1999	2008
11	Gach athróg	Blianta 1995-2002: an chéad tarchur in 2008	1995-2002	2008
20	Gach athróg	Blianta 2000-2004: gan tarchur a dhéanamh	2000-2004	Gan tarchur a dhéanamh
22	Gach athróg	Blianta 1995-2003: gan tarchur a dhéanamh	1995-2003	Gan tarchur a dhéanamh

24.2. Maoluithe i gcomhair athróg aonair/ítimí aonair sna táblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
3	Foirmiú caipitil: miondealú AN_F6 [†]	Blianta 1995-2003: gan tarchur a dhéanamh	1995-2003	Gan tarchur a dhéanamh

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
6, 7	Athróga (idirbheart comhdhlúite agus neamhchomhdhlúite, cláir chomhardaithe comhdhlúite agus neamhchomhdhlúite): F.34 Díorthaigh airgeadais F.51 Scaireanna agus gnáthscaireanna eile gan scaireanna cistí frithpháirteacha san áireamh F.511 Scaireanna luaite F.512 Scaireanna neamhluaite F.513 Gnáthscaireanna eile F.52 Scaireanna cistí frithpháirteacha F.611 Glan-ghnáthscaireanna teaghlach i gcúlchistí árachais saoil F.612 Glan-ghnáthscaireanna teaghlach i gcúlchistí pinsean	Blianta 1995-2004: gan tarchur a dhéanamh	1995-2004	Gan tarchur a dhéanamh
6, 7	Gach athróg do na fo-earnálacha — S.123 Institiúidí eile airgeadais — S.124 Cúntóirí airgeadais	Blianta 1995-2010: an chéad tarchur in 2011	1995-2010	2011

25. AN FHIONLAINN

25.2. Maoluithe i gcomhair athróg aonair/ítimí aonair sna táblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
1	Athróga (go ráithiúil): Éadail lúide diúscairtí earraí luachmhara (P.53) — go bliantúil Caiteachas ar thomhaltas aonair deiridh an rialtais ghinearálta (P.31) Tomhaltas aonair iarbhír (P.32) Caiteachas ar thomhaltas deiridh an rialtais ghinearálta (P.41)	Sonraí siardhátaithe roimh 1995: gan tarchur a dhéanamh Gan tarchur a dhéanamh Gan tarchur a dhéanamh Gan tarchur a dhéanamh	1990-1994 1990 ar aghaidh 1990 ar aghaidh 1990 ar aghaidh	Gan tarchur a dhéanamh Gan tarchur a dhéanamh Gan tarchur a dhéanamh Gan tarchur a dhéanamh
1	Éadail lúide diúscairtí earraí luachmhara — go bliantúil	Blianta 1980-1994: gan tarchur a dhéanamh	1980-1994	Gan tarchur a dhéanamh
3	Athruithe i bhfhardaíl agus in éadail lúide diúscairtí earraí luachmhara de réir tionscail	Blianta 1980-1999: an chéad tarchur in 2009	1980-1999	2009
3	Foroinnt idir trealamh oifige (AN.111321) agus trealamh raidió, teilifíse agus cumarsáide (AN.111322)	Blianta 1980-1994: gan tarchur a dhéanamh	1980-1994	Gan tarchur a dhéanamh
5	Forannáin CP100 Oideachais	An bhliain 2014: tarchur in 2015 Blianta 1980-2013: gan tarchur a dhéanamh	2014 1980-2013	2015 Gan tarchur a dhéanamh

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
6, 7	F.41, F.42: miondealú d'earnálacha S.11, S.12, S.14, S.15 agus S.2	Blianta 1995-2004: gan tarchur a dhéanamh	1995-2004	Gan tarchur a dhéanamh
20	Trealamh oifige (AN.111321) agus trealamh raidió, teilifíse agus cumarsáide (AN.111322)	Blianta 2000-2004: gan tarchur a dhéanamh	2000-2004	Gan tarchur a dhéanamh
22	Trealamh oifige (AN.111321) agus trealamh raidió, teilifíse agus cumarsáide (AN.111322)	Blianta 1995-2004: gan tarchur a dhéanamh	1995-2004	Gan tarchur a dhéanamh

26. AN tSUALAINN

26.1. Maoluithe i gcomhair na dtáblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
3	Gach athróg	Tarchur ag T + 11		
3	Gach athróg	Blianta 1980-1992: an chéad tarchur in 2009	1980-1992	2009
3	Miondealú A60	Tarchur ag T + 23 mí		
5	Gach athróg	Blianta 1980-1992: an chéad tarchur in 2009	1980-1992	2009
8	Gach athróg	Tarchur ag T + 11		

26.2. Maoluithe i gcomhair athróg aonair/ítimí aonair sna táblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
1	Athróga (go ráithiúil): Caiteachas ar thomhaltas aonair (P.31) Caiteachas ar thomhaltas comh-choiteann (P.32) Tomhaltas deiridh iarbhír na dteaghlach (P.4) Tomhaltas aonair iarbhír (P.41)	Blianta 1990-2007: an chéad tarchur in 2008	1990-2007	2008
1	Onnmhairí (P.6): miondealú geografach — go ráithiúil	Blianta 1990-2007: an chéad tarchur in 2008	1990-2007	2008
1	Allmhairí (P.7): miondealú geografach — go ráithiúil	Blianta 1990-2007: an chéad tarchur in 2008	1990-2007	2008

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
3	Foroinnt tionscal 50-52	Blianta 1980-2003: gan tarchur a dhéanamh	1980-2003	Gan tarchur a dhéanamh
13	Earnáil na dteaghlach	S.14 + S.15 le cur ar fáil		
15, 16	Foroinnt tionscal 50-52 Foroinnt gheografach	Blianta 2000-2003: gan tarchur a dhéanamh	2000-2003	Gan tarchur a dhéanamh
17, 18, 19	Foroinnt tionscal 50-52 Foroinnt gheografach	An bhliain 2000: gan tarchur a dhéanamh	2000	Gan tarchur a dhéanamh

27. AN RÍOCHT AONTAITHE

27.1. Maoluithe i gcomhair na dtáblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
1	Gach athróg lena mbaineann: miondealú A6 — go ráithiúil	Blianta 1990-2008: an chéad tarchur in 2009	1990-2008	2009
1	Gach athróg lena mbaineann miondealú A6 — go bliantúil	Blianta 1980-2008: an chéad tarchur in 2009	1980-2008	2009
15, 16	Gach athróg: praghsanna na bliana roimhe sin	Blianta 2000-2007: an chéad tarchur in 2009	2000-2007	2009
17, 18, 19	Gach athróg	Blianta 2000, 2005: an chéad tarchur in 2011	2000, 2005	2011
20	Gach athróg	Blianta 2000-2008: an chéad tarchur in 2010	2000-2008	2010
22	Gach athróg	Blianta 1995-2008: an chéad tarchur in 2010	1995 ar aghaidh	2010

27.2. Maoluithe i gcomhair athróg aonair/ítimí aonair sna táblaí

Uimh. Tábla	Athróg/ítim	Maolú	An tréimhse lena mbaineann an maolú	An chéad tarchur in
3	Athróga: Aschur (P.1) Tomhaltas idirmheánach (P.2) Oll-bhreisluch (B.1g)	Blianta 1980-2008: an chéad tarchur in 2009	1980-2008	2009
6	Gach athróg — cuntais chomhdhlúite	Blianta 1995-2009: an chéad tarchur in 2010	1995-2009	2010
10	Ollfhoirmiú caipitil sheasta, fostaíocht de réir na mílte uair an chloig oibrithe	Blianta 1995-2007: an chéad tarchur in 2009	1995-2007	2009
13	Earnáil na dteaghlach	S.14 + S.15 le soláthar'		

RIALACHÁN (CE) UIMH. 1393/2007 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 13 Samhain 2007

maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó in ábhair tráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit ('doiciméid a sheirbheáil'), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1348/2000 ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 61(c) agus an dara fleasc d'Airteagal 67(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (1),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh (2),

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Tá sé curtha roimhe ag an Aontas an tAontas a chothabháil agus a fhorbairt mar limistéar saoirse, slándála agus ceartais, ina n-áirithítear saorghluaiseacht daoine. Chun limistéar den sórt sin a bhunú, glactaídh an Comhphobal, i measc beart eile, na bearta a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach in ábhair shibhialta a bhfuil gá leo chun go n-oibreoidh an margadh inmheánach mar is cuí.
- (2) Éilíonn oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh go bhfeabhsófaí agus go mbrostófaí tarchur doiciméad breithiúnach agus doiciméad seachbhreithiúnach in ábhair shibhialta nó in ábhair tráchtála atá le seirbheáil idir na Ballstáit.
- (3) Dhréachtaigh an Chomhairle, le Gníomh dar dáta an 26 Bealtaine 1997 (3), Coinbhinsiún maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó in ábhair tráchtála a sheirbheáil i mBallstáit an Aontais Eorpaigh agus mhol sí go nglactadh na Ballstáit é i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach. Níor tháinig an Coinbhinsiún sin i bhfeidhm. Ba cheart go n-áiríteofaí an leanúnachas maidir le torthaí na caibidlíochta a rinneadh chun an Coinbhinsiún a thabhairt i gcrích.

(1) IO C 88, 11.4.2006, lch. 7.

(2) Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Iúil 2006 (IO C 303 E, 13.12.2006, lch. 69), Comhsheasamh ón gComhairle an 28 Meitheamh 2007 (IO C 193 E, 21.8.2007, lch. 13) agus Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Deireadh Fómhair 2007.

(3) IO C 261, 27.8.1997, lch. 1. An lá ar dréachtaíodh an Coinbhinsiún thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil mhínitheach faoin gCoinbhinsiún a leagtar amach ar leathanach 26 den Iris Oifigiúil réamhluaithe.

(4) An 29 Bealtaine 2000 ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 1348/2000 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta agus in ábhair tráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit (4). Tá príomhábhar an Rialacháin sin bunaithe ar an gCoinbhinsiún.

(5) An 1 Deireadh Fómhair 2004 ghlac an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1348/2000. Is é an tátal a bhaintear as sa tuarascáil gur chuir cur i bhfeidhm Rialachán (CE) Uimh. 1348/2000 feabhas go ginearálta ar tharchur agus ar sheirbheáil doiciméad idir Bhallstáit agus gur bhrostaigh sé tarchur agus seirbheáil doiciméad idir Bhallstáit ó tháinig sé i bhfeidhm sa bhliain 2001 ach, mar sin féin, nach bhfuil cur chun feidhme forálacha áirithe iomlán sásúil.

(6) Éilíonn éifeachtacht agus luas i nósanna imeachta breithiúnacha in ábhair shibhialta go dtarchuirfí doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha go díreach agus faoi luas idir chomhlachtaí áitiúla a ainmneoidh na Ballstáit. Féadfaidh na Ballstáit a lua go bhfuil rún acu gan ach gníomhaireacht tarchuir nó gníomhaireacht fála amháin a ainmniú nó gan ach gníomhaireacht amháin a ainmniú leis an dá fheidhm sin a chur i gcrích, ar feadh tréimhse cúig bliana. Ach féadfar an t-ainmniú sin a athnuachan gach cúig bliana.

(7) Ar mhaithe le luas an tarchuir dlítear gach modh iomchuí a úsáid, ar chuntar go gcloítear le coinníollacha áirithe a bhaineann le hinléiteacht agus le hiontaofacht an doiciméid a fhaightear. Éilíonn slándáil tarchuir go mbeadh foirm chaighdeánach ag gabháil leis an doiciméad atá le tarchur, a bheidh le comhlánú i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla na háite ina bhfuil an tseirbheáil le déanamh, nó i dteanga eile a nglacann an Ballstát atá i gceist léi.

(8) Níor cheart go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo maidir le doiciméad a sheirbheáil ar ionadaí údaraithe an pháirtí sa Bhallstát i gcás ina dtarlóidh na himeachtaí gan aird ar an áit a bhfuil cónaí ar an bpáirtí sin.

(9) Ba cheart seirbheáil doiciméid a dhéanamh an tuisce is féidir, agus ar aon chuma laistigh de mhí ón tráth a bhfaighidh an ghníomhaireacht fála an doiciméad.

(10) Le héifeachtúlacht an Rialacháin seo a áirithiú, níor cheart go dtabharfaí deis diúltú do sheirbheáil doiciméad seachas i gcásanna eisceachtúla.

(11) D'fhonn tarchur agus seirbheáil doiciméad idir Bhallstáit a éascú, ba cheart na foirmeacha caighdeánacha atá leagtha amach sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid.

(4) IO L 160, 30.6.2000, lch. 37.

- (12) Ba cheart go gcuirfeadh an ghníomhaireacht fála an seolaí ar an eolas i scríbhinn agus ag úsáid na foirme caighdeánaí, go bhféadfaidh sé seirbheáil an doiciméid a dhiúltú tráth na seirbheála nó tríd an doiciméad a sheoladh ar ais chuig an ngníomhaireacht fála laistigh de sheachtain mura mbeidh sé i dteanga a thuigeann sé nó mura mbeidh sé i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla áit na seirbheála. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an rialí seo chomh maith maidir leis an tseirbheáil a dhéanfaí ina dhiaidh sin nuair a bheadh a cheart diúltaithe curtha chun feidhme ag an seolaí. Ba cheart go mbeadh feidhm ag na rialacha diúltaithe maidir le seirbheáil ó ghníomhairí taidhleoireachta nó consalacha, maidir le seirbheáil trí sheirbhísí poist, agus maidir le seirbheáil dhíreach. Ba cheart a dheimhniú gur féidir seirbheáil doiciméid a dhiúltaítear a leigheas trí aistriúchán ar an doiciméad a sheirbheáil ar an seolaí.
- (13) Ar mhaithe le luas an tarchuir dlitear doiciméid a sheirbheáil laistigh de chúpla lá ón uair a bhfaightear doiciméad. Ach mura mbeidh an tseirbheáil déanta i ndiaidh míosa, ba cheart don ghníomhaireacht fála an ghníomhaireacht tarchuir a chur ar an eolas. Níor cheart go dtuigfí gur cheart an iarraidh a chur ar ais chuig an ngníomhaireacht tarchuir ar dhul in éag don tréimhse sin i gcás inar léir go bhfuil sé indéanta an tseirbheáil a dhéanamh laistigh de thréimhse réasúnta.
- (14) Ba cheart go leanfadh an ghníomhaireacht fála ag déanamh na mbeart ar fad is gá le seirbheáil an doiciméid a dhéanamh chomh maith i gcásanna nach raibh sé indéanta an tseirbheáil a dhéanamh laistigh den mhí de bhrí, mar shampla, go raibh an cosantóir as baile ar saoire, nó go raibh sé as láthair ón oifig ar chúrsaí gnó. Ach ionas nach mbeadh dualgas síoraí ar an ngníomhaireacht fála céimeanna a thógáil le seirbheáil an doiciméid a dhéanamh, ba cheart go mbeadh an ghníomhaireacht tarchuir ábalta teorainn ama a shonrú ar an bhfoirm chaighdeánach nach mbeadh seirbheáil riachtanach a thuilleadh ina diaidh.
- (15) I bhfianaise na ndifríochtaí atá idir na Ballstáit maidir lena rialacha nós imeachta, ní hionann an dáta ábhartha chun seirbheáil a dhéanamh i mBallstát amháin agus i mBallstát eile. Ag féachaint do shuímh den sórt sin agus do na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart go bhforálfadh an Rialachán seo do chóras inarb é dlí an Bhallstáit a ndírítear air a chinneadh dáta na seirbheála. Ach i gcás ina gcaithfeadh doiciméad a sheirbheáil laistigh de thréimhse áirithe de réir dlí Ballstáit, is é an dáta ba cheart a chur san áireamh maidir leis an iarratasóir an dáta a chinneadh dlí an Bhallstáit sin. Is i líon teoranta Ballstát atá córas seo an dáta dhúbailte i bhfeidhm. Ba cheart do na Ballstáit sin a chuireann an córas seo i bhfeidhm é sin a chur in iúl don Choimisiún agus ba cheart don Choimisiún an fhaisnéis sin a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus í a chur ar fáil tríd an Líonra Breithiúnach Eorpach in Ábhair Shibhialta agus in Ábhair Tráchtála a bunaíodh le Cinneadh 2001/470/CE ón gComhairle ⁽¹⁾.
- (16) D'fhonn rochtain ar cheartas a éascú, ba cheart gurbh ionann na costais a bhainfeadh le dul i muinín oifigigh bhreithiúnaigh nó duine inniúil faoi dhlí an Bhallstáit a ndírítear air agus táille shocraithe aonair a bheadh leagtha síos ag an mBallstát sin roimh ré agus a thugann aird ar phrionsabal na comhréireachta agus ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe. Níor cheart go gcoiscfeadh an ceanglas ar tháille shocraithe aonair deis a bheith ag na Ballstáit táillí éagsúla a shocrú do chineálacha éagsúla seirbheála fad a urramóidh siad na prionsabail sin.
- (17) Ba cheart go mbeadh sé de shaoirse ag gach Ballstát seirbheáil doiciméad a dhéanamh go díreach trí sheirbhísí poist ar dhaoine a mbeadh cónaí orthu i mBallstát eile trí litir chlártaithe lena ndéanfaí admháil ar an bhfáil, nó a comhsamhail, a chur in iúl.
- (18) Ba cheart go bhféadfaidh aon duine a mbeadh leas aige in imeacht breithiúnach seirbheáil doiciméad a dhéanamh go díreach trí na hoifigigh bhreithiúnacha, trí fheidhmeannaigh nó trí dhaoine inniúla eile ón mBallstát a ndírítear air, i gcás ina gceadaítear an tseirbheáil dhíreach sin faoi dhlí an Bhallstáit sin.
- (19) Ba cheart go ndrúachtódh an Coimisiún lámhleabhar ina mbeadh an fhaisnéis a bhaineann le cur i bhfeidhm cuí an Rialacháin seo, agus ba cheart an lámhleabhar sin a chur ar fáil tríd an Líonra Breithiúnach Eorpach in Ábhair Shibhialta agus in Ábhair Tráchtála. Ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis sin cothrom le dáta agus iomlán, go háirithe ó thaobh shonraí teagmhála na ngníomhaireachtaí fála agus na ngníomhaireachtaí tarchuir.
- (20) Agus na tréimhsí agus na teorainneacha ama dá bhforáiltear sa Rialachán seo á ríomh, ba cheart go mbeadh feidhm ag Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena gcinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, le dátaí agus le teorainneacha ama ⁽²⁾ a bheadh i bhfeidhm.
- (21) Ba cheart na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ina leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún ⁽³⁾.
- (22) Ba cheart, go háirithe, go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún na foirmeacha caighdeánacha atá leagtha amach sna hlarscríbhinní a thabhairt cothrom le dáta nó leasuithe teicniúla a dhéanamh orthu. Ó tharla go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur ceapadh iad le heilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú/a scriosadh, caithfeadh iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.

⁽²⁾ IO L 124, 8.6.1971, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23. Cinneadh arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE (IO L 200, 22.7.2006, lch. 11).

⁽¹⁾ IO L 174, 27.6.2001, lch. 25.

(23) Tá forlámhas ag an Rialachán seo, i gcaidreamh idir na Ballstáit ar páirtithe iad ann, ar na forálacha atá sna comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha nó i socruithe a bhfuil an raon feidhme céanna acu, a thug na Ballstáit i gcrích, agus go háirithe ar an bPrótocal atá i gceangal le Coinbhinsiún na Bruiséile an 27 Meán Fómhair 1968 ⁽¹⁾ agus ar Choinbhinsiún na Háige an 15 Samhain 1965 ⁽²⁾. Ní choisceann an Rialachán seo ar Bhallstáit comhaontuithe nó socruithe a chothabháil nó a chur i gcrích chun tarchur doiciméad a bhrostú nó a shimplú, ar chuntar go mbeidh na comhaontuithe nó na socruithe sin ag luí leis an Rialachán seo.

(24) Ba cheart go mbeadh cosaint oiriúnach ag an bhfaisnéis a tharchuirfí de bhun an Rialacháin seo. Tagann an t-ábhar seo faoi raon feidhme Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine a chosaint ó thaobh sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin ⁽³⁾, agus faoi raon feidhme Threoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideacht a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir um príobháideacht agus cumarsáid leictreonaí) ⁽⁴⁾.

(25) Tráth nach deireanaí ná an 1 Meitheamh 2011 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo agus aon leasuithe is cosúil is gá a dhéanamh a mholadh.

(26) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr dá bhrí sin, de bharr fhairsinge nó iarmhairtí na gníomhaíochta, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh é. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin é, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(27) D'fhonn na forálacha a dhéanamh níos sorochtana agus níos inléite, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1348/2000 a aisghairm agus an Rialachán seo a chur ina ionad.

(28) I gcomhréir le hAirteagal 3 den Phrótocal maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, tá páirt á glacadh ag an Ríocht Aontaithe agus ag Éirinn i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(1) Coinbhinsiún na Bruiséile an 27 Meán Fómhair 1968 ar Dhlínse agus ar Fhorghníomhú Breithiúnas in Ábhair Shibhialta agus Tráchtála (IO L 299, 31.12.1972, lch. 32; leagan comhdhlúite, IO C 27, 26.1.1998, lch. 1).

(2) Coinbhinsiún na Háige an 15 Samhain 1965 ar Dhoiciméid Bhreithiúnacha agus Sheachbhreithiúnacha in Ábhair Shibhialta nó Tráchtála a Sheirbheáil thar lear.

(3) IO L 281, 23.11.1995, lch. 31. Treoir arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 1882/2003 (IO L 284, 31.10.2003, lch. 1).

(4) IO L 201, 31.7.2002, lch. 37. Treoir arna leasú le Treoir 2006/24/CE (IO L 105, 13.4.2006, lch. 54).

(29) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 den Phrótocal maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, níl páirt á glacadh ag an Danmhairg i nglacadh an Rialacháin seo agus ní bheidh sé ina cheangal ar an Danmhairg ná ní bheidh sí faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo in ábhair shibhialta agus in ábhair tráchtála i gcás nach foláir doiciméad breithiúnach nó doiciméad seachbhreithiúnach a tharchur ó Bhallstát amháin chuig Ballstát eile lena sheirbheáil ann. Ní bhainfidh sé, go háirithe, le hábhair ioncaim, le hábhair custaim ná le hábhair riaracháin ná le dliteanas an Stáit i leith gníomhartha agus neamhghníomhartha i bhfeidhmiú údaráis an stáit ('acta iure imperii').

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo i gcás nach eol seoladh an duine a bhfuil an doiciméad le seirbheáil air.

3. Sa Rialachán seo, ciallóidh an téarma 'Ballstát' na Ballstáit seachas an Danmhairg.

Airteagal 2

Gníomhaireachtaí tarchuir agus gníomhaireachtaí fála

1. Ainmneoidh gach Ballstát na hoifigigh phoiblí, na húdaráis nó na daoine eile, dá ngairfear 'gníomhaireachtaí tarchuir' anseo feasta, a bheidh inniúil chun doiciméid bhreithiúnacha nó doiciméid sheachbhreithiúnacha a bheidh le seirbheáil i mBallstát eile a tharchur.

2. Ainmneoidh gach Ballstát na hoifigigh phoiblí, na húdaráis nó na daoine eile, dá ngairfear 'gníomhaireachtaí fála' anseo feasta, a bheidh inniúil chun doiciméid bhreithiúnacha nó doiciméid sheachbhreithiúnacha a fháil ó Bhallstát eile.

3. Féadfaidh Ballstát gníomhaireacht tarchuir amháin agus gníomhaireacht fála amháin nó gníomhaireacht amháin a chuirfeadh an dá fheidhm sin i gcrích a ainmniú. Féadfaidh Stát cónaidhme, Stát ina bhfuil feidhm ag dlíchorais éagsúla nó Stát a bhfuil aonaid chríche fhéinrialaithe ann breis agus gníomhaireacht amháin den sórt sin a ainmniú. Beidh éifeacht leis an ainmniú sin go ceann tréimhse cúig bliana agus féadfar é a athnuachan gach cúig bliana.

4. Cuirfidh gach Ballstát an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don Choimisiún:

(a) ainmneacha agus seoltaí na ngníomhaireachtaí fála dá dta-gráitear i mír 2 agus i mír 3;

- (b) na limistéir gheografacha ina bhfuil dlínse acu;
- (c) na meáin atá ar fáil dóibh chun doiciméid a fháil; agus
- (d) na teangacha is féidir a úsáid chun an fhoirm chaighdeánach atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a chomhlánú.

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi aon mhodhnú a dhéanfar ar an bhfaisnéis sin ina dhiaidh sin.

Airteagal 3

Comhlacht lárnach

Ainmneoidh gach Ballstát comhlacht lárnach a mbeidh na cúraimí seo a leanas de fhreagracht air:

- (a) faisnéis a sholáthar do na gníomhaireachtaí tarchuir;
- (b) réitigh a lorg ar aon deacrachtaí a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus doiciméid atá le seirbheáil á dtarchur;
- (c) iarraidh ar sheirbheáil a chur ar aghaidh chuig an ngníomhaireacht fála inniúil arna iarraidh sin do ghníomhaireacht tarchuir i gcásanna eisceachtúla.

Féadfaidh Stát cónaidhme, Stát ina bhfuil dlíchorais éagsúla i bhfeidhm nó Stát a bhfuil aonaid chríche fhéinrialaithe ann breis agus comhlacht lárnach amháin a ainmniú.

CAIBIDIL II

DOICIMÉID BHREITHIÚNACHA

Roinn 1

Doiciméid bhreithiúnacha a tharchur agus a sheirbheáil

Airteagal 4

Doiciméid a tharchur

1. Déanfar doiciméid bhreithiúnacha a tharchur go díreach agus an túsce is féidir idir na gníomhaireachtaí arna n-ainmniú de bhun Airteagal 2.
2. Féadfar doiciméid, iarrataí, daingnithe, admhálacha, deimhnithe agus aon cháipéis eile a tharchur idir gníomhaireachtaí tarchuir agus gníomhaireachtaí fála trí aon mheán iomchuí, ar chuntar go mbeidh ábhar an doiciméid a fuarthas dílis cruinn i gcomparáid le hábhar an doiciméid arna tharchur agus go mbeidh an fhaisnéis go léir ann inléite go héasca.
3. Beidh iarraidh a dhreachtófar ag baint úsáide as an bhfoirm chaighdeánach atá leagtha amach in Iarscríbhinn I ag gabháil leis an doiciméad a bheidh le tarchur. Déanfar an fhoirm a chomhlánú i dteanga oifigiúil an Bhallstáit a ndírítear air nó, má tá teangacha oifigiúla éagsúla sa Bhallstát sin, i dteanga nó i gceann de theangacha oifigiúla na háite ina ndéanfar an tseirbheáil, nó i dteanga eile ar chuir an Ballstát sin in iúl go bhféadfadh sé glacadh

léi. Cuirfidh gach Ballstát in iúl an teanga oifigiúil nó na teangacha oifigiúla de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh seachas a cheann féin a bheidh inghlactha aige leis an bhfoirm a chomhlánú.

4. Beidh na doiciméid agus na cáipéisí uile a tharchuirfeair díolmhaithe ó fhíorú nó ó aon fhoirmiúlacht den sórt sin.

5. Nuair is mian leis an ngníomhaireacht tarchuir go gcuirfí cóip den doiciméad ar ais chuici maille leis an deimhniú dá dta-geitear in Airteagal 10, seolfaidh sí an doiciméad i ndúblach.

Airteagal 5

Doiciméid a aistriú

1. Cuirfidh an ghníomhaireacht tarchuir a gcuireann an t-iarratasóir an doiciméad chuici lena tarchur an duine sin ar an eolas go bhféadfadh an seolaí diúltú glacadh leis an doiciméad mura mbeidh sé i gceann de na teangacha dá bhforáiltear in Airteagal 8.

2. Is ar an iarratasóir a thitfidh aon chostais ar aistriúchán roimh tharchur an doiciméid, gan dochar d'aon chinneadh a d'fhéadfadh cúirt nó údarás inniúil a dhéanamh ina dhiaidh sin maidir le dliteanas i leith na gcostas sin.

Airteagal 6

Doiciméid a fháil ag gníomhaireacht fála

1. Ar dhoiciméad a fháil, cuirfidh gníomhaireacht fála admháil chuig an ngníomhaireacht tarchuir trí na meáin tarchuir is tapúla is féidir, a luaite is féidir agus ar aon chuma laistigh de sheacht lá ón tráth a bhfuarthas é, ag baint úsáide as an bhfoirm chaighdeánach atá leagtha amach in Iarscríbhinn I.

2. I gcás nach bhféadfadh an iarraidh ar sheirbheáil a chomhlíonadh ar bhonn na faisnéise nó na ndoiciméad a tarchuireadh, rachaidh an ghníomhaireacht fála i dteagmháil leis an ngníomhaireacht tarchuir tríd an meán tarchuir is tapúla is féidir chun an fhaisnéis nó na doiciméid atá in easnamh a fháil.

3. Más follas go bhfuil an iarraidh ar sheirbheáil lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo nó mura féidir an tseirbheáil a dhéanamh de bharr neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha foirmiúla riachtanacha, déanfar an t-iarratas agus na doiciméid a tarchuireadh a chur ar ais, nuair a gheofar iad, chuig an ngníomhaireacht tarchuir, maille leis an bhfógra aischiur, ag baint úsáide as an bhfoirm chaighdeánach atá leagtha amach in Iarscríbhinn I.

4. Gníomhaireacht fála a gheobhaidh doiciméad le seirbheáil ach nach mbeidh dlínse chríche aici chun é a sheirbheáil, cuirfidh sí ar aghaidh é, maille leis an iarraidh, chuig an ngníomhaireacht fála a bhfuil dlínse chríche aici sa Bhallstát céanna má chomhlíonann an iarraidh na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 4(3) agus cuirfidh sí an ghníomhaireacht tarchuir ar an eolas dá réir, ag baint úsáide as an bhfoirm chaighdeánach atá leagtha amach in Iarscríbhinn I. Cuirfidh an ghníomhaireacht fála sin an ghníomhaireacht tarchuir ar an eolas, ar an modh dá bhforáiltear i mír 1, nuair a gheobhaidh sí an doiciméad.

*Airteagal 7***Doiciméid a sheirbheáil**

1. Déanfaidh an ghníomhaireacht fála an doiciméad a sheirbheáil í féin, nó áiritheoidh sí go seirbheálfar é, i gcomhréir le dlí an Bhallstáit a ndírítear air nó ar mhodh leithleach arna iarraidh sin don ghníomhaireacht tarchuir, ach amháin mura mbeidh an modh sin ag luí le dlí an Bhallstáit sin.

2. Déanfaidh an ghníomhaireacht fála na bearta ar fad is gá le seirbheáil an doiciméid a dhéanamh a luaithe is féidir, agus ar aon chuma laistigh de mhí ón uair a bhfuarthas é. Mura mbeidh sé indéanta an tseirbheáil a dhéanamh laistigh de mhí ón uair a bhfaightear é, déanfaidh an ghníomhaireacht fála an méid seo a leanas:

- (a) cuirfidh sí an ghníomhaireacht tarchuir ar an eolas láithreach leis an deimhniú atá san fhoirm chaighdeánach atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, a dhréachtófar faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 10(2); agus
- (b) leanfaidh sí de na bearta ar fad is gá a dhéanamh leis an doiciméad a sheirbheáil, mura mbeidh a mhalairt luaithe ag an ngníomhaireacht tarchuir, i gcás inar cosúil go bhfuil sé indéanta an tseirbheáil a dhéanamh laistigh de thréimhse réasúnta.

*Airteagal 8***Diúltú glacadh le doiciméad**

1. Cuirfidh an ghníomhaireacht fála an seolaí ar an eolas, ag baint úsáide as an bhfoirm chaighdeánach atá leagtha amach in Iarscríbhinn II go bhféadfadh sé nó sí diúltú an doiciméad atá le seirbheáil a ghlacadh tráth na seirbheála nó diúltú é a ghlacadh trína sheoladh ar ais chuig an ngníomhaireacht fála laistigh de sheachtain mura mbeidh sé scríofa, nó mura mbeidh aistriúchán ag gabháil leis, i gceann de na teangacha seo a leanas:

- (a) teanga a thuigeann an seolaí;

nó

- (b) teanga oifigiúil an Bhallstáit a ndírítear air nó, má tá teangacha oifigiúla éagsúla sa Bhallstát sin, teanga oifigiúil nó ceann de theangacha oifigiúla na háite ina ndéanfar an tseirbheáil.

2. I gcás ina gcuirfear an ghníomhaireacht fála ar an eolas go ndiúltaíonn an seolaí glacadh leis an doiciméad i gcomhréir le mír 1, cuirfidh sí an ghníomhaireacht tarchuir ar an eolas láithreach leis an deimhniú dá bhforáiltear in Airteagal 10 agus cuirfidh sí an iarraidh agus na doiciméid a n-iarrtar aistriúchán orthu ar ais.

3. Má dhiúltaigh an seolaí glacadh leis an doiciméad de bhun mhír 1, is féidir seirbheáil an doiciméid a leigheas tríd an doiciméad lena ngabhfaidh aistriúchán den doiciméad i dteanga dá bhforáiltear i mír 1 a sheirbheáil ar an seolaí i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo. Sa chás sin, is é dáta seirbheála an doiciméad an dáta a seirbheáiltear an doiciméad a bhfuil an t-aistriúchán ag gabháil leis i gcomhréir le dlí an Bhallstáit a ndírítear air. Ach i gcás ina gcaithfear doiciméad a sheirbheáil

laistigh de thréimhse áirithe i gcomhréir le dlí Ballstáit, is é an dáta a chuirfear san áireamh maidir leis an iarratasóir dáta seirbheála an doiciméid tosaigh arna chinneadh de bhun Airteagal 9(2).

4. Beidh feidhm ag mír 1, mír 2 agus mír 3 freisin maidir leis an modh tarchuir agus seirbheála doiciméad breithiúnach dá bhforáiltear in Roinn 2.

5. Chun críocha mhír 1, déanfaidh na gníomhairí taidhle-oireachta nó consalacha, i gcás inar i gcomhréir le hAirteagal 13 a dhéantar an tseirbheáil, nó an t-údarás nó an duine, i gcás inar i gcomhréir le hAirteagal 14 a dhéantar an tseirbheáil, an seolaí a chur ar an eolas go dtig leis diúltú glacadh leis an doiciméad agus nach mór aon doiciméad a dhiúltaítear a sheoladh chuig na gníomhairí sin nó chuig an údarás sin nó chuig an duine sin faoi seach.

*Airteagal 9***Dáta seirbheála**

1. Gan dochar d'Airteagal 8, is é dáta seirbheála doiciméid de bhun Airteagal 7 an dáta ar seirbheáladh é i gcomhréir le dlí an Bhallstáit a ndírítear air.

2. Ach i gcás ina gcaithfear doiciméad a sheirbheáil laistigh de thréimhse áirithe i gcomhréir le dlí Ballstáit, is é an dáta a chuirfear san áireamh maidir leis an iarratasóir an dáta a chinnfear le dlí an Bhallstáit sin.

3. Beidh feidhm ag mír 1 agus ag mír 2 freisin maidir leis an modh tarchuir agus seirbheála doiciméad breithiúnach dá bhforáiltear i Roinn 2.

*Airteagal 10***Deimhniú seirbheála agus cóip den doiciméad a seirbheáladh**

1. Nuair a bheidh na foirmiúlachtaí maidir leis an doiciméad a sheirbheáil críochnaithe, dréachtófar deimhniú comhlánaithe maidir leis na foirmiúlachtaí, san fhoirm chaighdeánach atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, agus seolfar chuig an ngníomhaireacht tarchuir é, maille le cóip den doiciméad arna sheirbheáil, i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 4(5).

2. Déanfar an deimhniú a chomhlánú i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit tionscnaimh, nó i dteanga eile ar chuir an Ballstát tionscnaimh in iúl go bhféadfadh sé glacadh léi. Cuirfidh gach Ballstát in iúl an teanga oifigiúil nó na teangacha oifigiúla de chuid institiúidí an Aontais Eorpaigh seachas a cheann féin atá inghlactha aige leis an bhfoirm a chomhlánú.

*Airteagal 11***Costais seirbheála**

1. Ní bheidh cánacha ná costais le híoc ná le haisíoc i leith seirbhísí arna soláthar ag an mBallstát a ndírítear air maidir le doiciméid bhreithiúnacha a thagann ó Bhallstát a sheirbheáil.

2. Is é an t-iarratasóir, áfach, a íocfaidh nó a aisíocfaidh na costais a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- (a) dul i muinín oifigigh bhreithiúnaigh nó duine atá inniúil faoi dhlí an Bhallstáit a ndírítear air;
- (b) modh áirithe seirbheála a úsáid.

Beidh na costais a bhainfidh le dul i muinín oifigigh bhreithiúnaigh nó le dul i muinín duine atá inniúil faoi dhlí an Bhallstáit a ndírítear air ar comhréir le táille shocraithe aonair a bheidh leagtha síos ag an mBallstát sin roimh ré agus a thabharfaidh aird ar phrionsabail na comhréireachta agus an neamh-idirdhealaithe. Cuirfidh na Ballstáit na táillí socraithe sin in iúl don Choimisiún.

Roinn 2

Modhanna Eile Chun Doiciméid Bhreithiúnacha A Tharchur Agus A Sheirbheáil

Airteagal 12

Tarchur trí chainéil taidhleoireachta nó chonsalacha

Beidh sé de shaoirse ag gach Ballstát, i gcásanna eisceachtúla, cainéil chonsalacha nó taidhleoireachta a úsáid le doiciméid bhreithiúnacha a sheoladh ar aghaidh, chun críche seirbheála, chuig na gníomhaireachtaí sin de chuid Ballstáit eile a ainmneofar de bhun Airteagal 2 nó Airteagal 3.

Airteagal 13

Seirbheáil ó ghníomhairí taidhleoireachta nó consalacha

